# Vóta 21

# Príosúin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 ar na tuarastail agus speansais de chuid Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, agus speansais eile i dtaca le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2019, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair um chaiteachas i gcomhair na bliana.

Dlitear barrachas €1.924 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Talamh agus foirgnimh***

Tá seilbh ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar 13[1] phríosún agus ionad coinneála, chomh maith le réadmhaoin ag Coláiste Sheirbhís Phríosúin na hÉireann i bPort Laoise agus réadmhaoin cóngarach d'fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort, agus dhá láithreán i mBaile Átha Cliath: ceann acu cóngarach do Phríosún Chnoc na Seamar, agus an ceann eile i Cill Mhaighneann agus i mBaile na Sceach.

Luacháil an Oifig Luachála an talamh ag luach úsáide reatha nó luach margaidh (mura raibh sí in úsáid) le linn 2014. Níl aon athrú déanta ar an mbonn le foirgnimh na bpríosún a luacháil – an meánchostas athsholáthair in aghaidh na cealla. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag luacháil na talún ag Halla Thornton ar a costas stairiúil, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar an mbonn gur sócmhainn straitéiseach don Stáit í lena mbaineann luach úsáide féideartha amach anseo. Cuireadh in iúl don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus don Ghníomhaireacht Forbartha Talún go bhfuil sí ar fáil. Déanfar athbhreithniú ar an seasamh seo ar bhonn bliantúil.

Déanfar talamh agus foirgnimh na bpríosún a athluacháil gach cúig bliana - bhí athluacháil beartaithe i gcomhair 2019 ach níor thosaigh sé ach sa chéad ráithe de 2020. Léireofar aschur an chleachtaidh athluachála seo sa chuntas leithreasa do 2020. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil.

Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

***Earraí inchaite***

Caitear le soláthairtí do bhéilí príosúnach, do ghlanadh, do chothabháil agus do cheardlanna mar mhíreanna speansais nach n-áirítear i stoic.

[1] Is ann do 12 cheann de phríosúin agus d'ionaid choinneála atá i mbun feidhme faoi láthair. I láthair na huaire, níltear ag coinneáil príosúnach san Aonad Oiliúna in ionad Phríosún Mhuinseo ach táthar ag súil leis go mbeidh an tAonad i mbun feidhme arís i rith 2020.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgais eile mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é córas na rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí próiseála párolla ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí.
- Is ann do Choiste Iniúchta comhairle a thabhairt dom maidir le bheith i mbun mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta do phríomh-phróisis ghnó go léir doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhmchun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TFC
- treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí agus disciplíní foirmeálta bainistithe tionscadail

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann go gcuirtear fócas iomchuí ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh a chinntiú le gach treoirlíne ábhartha a mhéid atá siad seo faoina smacht.  Tá 51 conradh a bhfuil luach €18,483,248 acu tuairiscithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ina tuairisceán bliantúil Chiorclán 40/02 agus tá sí comhlíontach seachas i gcás 26 chonradh a bhfuil luach €14,879,643, mar atá leagtha amach thíos.

- Meastar  a deich  gconradh a bhfuil luach €12,518,796 acu i 2019 a bheith neamh-chomhlíontach ar an mbunús gur cuireadh síneadh leo níos faide ná dáta bunaidh an chonartha de bharr nár tugadh próisis iomaíocha nua chun críche go hiomlán i gcomhpháirtíocht leis an Oifig um Sholáthar Rialtais faoi dheireadh na bliana. Go dtí seo, tá trí chonradh den chineál sin bronnta agus luach i 2019 de €276,944 leo; tá dhá chonradh ag an gcéim mheasúnaithe faoi láthair a bhfuil luach  €9,299,432 i 2019 leo, agus tá an cúig chonradh atá fanta á gcur ar aghaidh lena bhfoilsiú.
- Meastar go bhfuil 16 chonradh a bhfuil luach €2,360,847 i 2019 leo neamhchomhlíontach chomh maith ar an mbunús go raibh gá iad a scaoileadh níos faide ná dáta bunaidh an chonartha  fad is atá socruithe soláthair nua á gcur i bhfeidhm. Tá sonraíochtaí tairisceana á n-ullmhú faoi láthair maidir le deich gcinn de na cásanna seo agus tá conarthaí bronnta i sé chás a bhfuil luach gaolmhar €547,889 i 2019 leo.

Tá córas tuairiscithe nua conarthaí curtha i bhfeidhm le gairid ag an tSeirbhís Príosúin lena chinntiú go dtugtar fógra ag céim luath maidir le dátaí éagtha conarthaí d'fhonn na próisis tairisceana a ghníomhú ag céim níos luaithe.

***Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra ar cuireadh oiliúint chuí orthu, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa. Bíonn a cuid oibre á treorú ag anailís ar na rioscaí airgeadais agus bainistíochta atá os comhair na Roinne lena n-áirítear rioscaí a bhaineann le Seirbhís Phríosúin na hÉireann. Déantar na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaí a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúchta agus cuireann siad an anailís seo san áireamh. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil ag an gCoiste Iniúchta. Tá mé sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

***Creat Riosca agus rialaithe***

Chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann córas bainistíochta riosca chun feidhme, rud lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir é, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm do gach príosún,stiúrthóireacht agus do Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar leibhéal corparáideach. Leagtar amach sa chlár na príomhrioscaí atá ann ar leibhéal príosúin, stiúrthóireachta agus eagraíochta. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú bunaithe ar a shuntasaí atá siad. Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Sheirbhís Phríosúin na hÉireann (an Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin) an Clár Rioscaí Corparáideacha a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus déantar athbhreithnithe ráithiúla ar leibhéal an phríosúin/na stiúrthóireachta freisin.

Déanann an clár riosca cur síos ar na rialuithe agus gníomhaíochtaí is gá leis na rioscaí a mhaolú agus tugann sé freagracht as feidhmiú rialuithe do bhaill foirne áirithe.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibh siúd a bhíonn freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht agus don Choiste Bainistíochta Riosca, áit is ábhartha, go tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm le monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil, déanann siad eolas do mhonatóireacht agus d'athbhreithniú Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Ag teacht sna sála ar thuarascálacha iniúchóireachta a eisíodh le déanaí, chuir Seirbhís Phríosúin na hÉireann athbhreithniú chun feidhme ar nósanna imeachta airgeadais, riaracháin agus oibriúcháin éagsúla chun a chinntiú go bhfuil siad ag teacht le dea-chleachtas. Ba é foireann athbhreithnithe gnó a rinne an t-athbhreithniú. Cheap Seirbhís Phríosúin na hÉireann í i gcomhar leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais. Thug an t-athbhreithniú tosaíocht do phróisis riaracháin i bpríosúin lena n-áirítear ríomh pianbhreitheanna, bainistíocht airgid tirim, óinchoiste agus Cuntais Chiste an Chláir um Chúnamh do Phríosúnaigh agus cuireadh os cionn 40 cleachtas oibriúcháin caighdeánach ("*SOP*anna") nua i bhfeidhm, a chlúdaigh thart ar 80 gníomhaíocht riaracháin. Rinneadh an siollabas oiliúna don fhoirneann riaracháin a athfhorbairt chun tacú le cur i bhfeidhm na *SOP*anna agus tá clár oiliúna curtha ar fáil don fhoireann ar fud na Seirbhíse.

Tá tuilleadh oibre athbhreithnithe á cur chun cinn ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir le seirbhísí coimhdeacha mar oibriú siopaí príosúin ("siopaí *tuck*") agus na Coistí Bialann Deonacha neamhspleácha i bhfeidhmiú saoráidí ceaintín d'fhoireann an phríosúin a chuirtear ar fáil trí chistiní oiliúna príosúnach. Leanann an tSeirbhís Phríosúin ag neartú a cuid próiseas bainistíochta caipitil.

**Aidan O'Driscoll**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

25 Márta 2020

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 21 Príosúin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Príosúin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm maidir le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2019.

#### *Seirbhísí lónadóireachta agus coimhdeacha i bpríosúin*

Scrúdaíonn Caibidil 7 de mo thuairisc ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2019 oibriú rialuithe do sheirbhísí lónadóireachta agus coimhdeacha i líonra na bpríosún.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Meán Fómhair 2020

## Vóta 21 Príosúin

# Cuntas Leithreasa 2019

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas cláir** | | | | |
| A | Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin | 359,012 | 357,896 | 353,923 |
| | **Ollchaiteachas** | **359,012** | **357,896** | **353,923** |
| | *Asbhain:* | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | **9,476** | **10,284** | **14,610** |
| | **Glanchaiteachas** | **349,536** | **347,612** | **339,313** |

**Barrachas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh le hais na glansuime feidhmithe faoi dhliteanas le géilleadh don Státchiste.

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Barrachas le géilleadh** | **1,923,512** | **1,114,810** |

**Aidan O'Driscoll**
Oifigeach Cuntasaíochta
Príosúin

25 Márta 2020

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2019

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 85,387 | 88,953 |
| Pá | | 255,084 | 250,065 |
| Neamhphá | | 17,425 | 14,905 |
| **Ollchaiteachas** | | **357,896** | **353,923** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **10,284** | **14,610** |
| **Glanchaiteachas** | | **347,612** | **339,313** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (27,086) | | |
| Dímheas | 3,332 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 534 | (23,220) | (23,996) |
| **Athruithe i glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 2,197 | | |
| Méadú ar stoc | (655) | 1,542 | 146 |
| **Caiteachas díreach** | | **325,934** | **315,463** |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 65,587 | 66,604 |
| **Glanchostas cláir** | | **392,521** | **382,067** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 270 | 270 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 65,221 | 65,262 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 150 | 145 |
| Vóta 18 | Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 321 | 304 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 625 | 623 |
| | | **66,587** | **66,604** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais ag 31 Nollaig 2019

| | Nóta | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 996,383 | 972,730 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 6,065 | 8,325 |
| Stoic | 2.3 | 2,263 | 1,608 |
| Réamhíocaíochtaí | | 1,589 | 837 |
| Ioncam fabhraithe | | 431 | 70 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 4,348 | 450 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | 14,696 | 11,290 |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 9,547 | 6,237 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.5 | 10,295 | 8,735 |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.6 | 118 | 40 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | 19,960 | 15,012 |
| **Glandliteanais reatha** | | (5,264) | (3,722) |
| **Glansócmhainní** | | **991,119** | **969,008** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **991,119** | **969,008** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Sócmhainní Caipitil á bhForbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2019 | 959,087 | 71,714 | 748 | 12,591 | 4,421 | 1,048,561 |
| Breiseanna | 13,469 | 2,748 | — | 1,318 | 9,551 | 27,086 |
| Coigeartú ar bhreiseanna na bliana roimhe sin[a] | — | 1,099 | 45 | — | — | 1,144 |
| Aistriú amach[b] | (522) | — | — | — | — | (522) |
| Diúscairtí | — | (1,831) | (21) | (1,584) | — | (3,436) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2019 | 972,034 | 73,730 | 772 | 12,325 | 13,972 | 1,072,833 |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2019 | — | 66,626 | 662 | 8,543 | — | 75,831 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,049 | 24 | 1,259 | — | 3,332 |
| Dímheas a bhaineann le breiseanna na bliana roimhe sin | — | 699 | 12 | — | — | 711 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,821) | (21) | (1,582) | — | (3,424) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2019 | — | 67,553 | 677 | 8,220 | — | 76,450 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2019** | **972,034** | **6,177** | **95** | **4,105** | **13,972** | **996,383** |
| Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2018 | 959,087 | 5,088 | 86 | 4,048 | 4,421 | 972,730 |

Nóta
a Is le trealamh príosúin a fuarthas roimh 2019 agus nár taifeadadh i gclár na sócmhainní is mó a bhaineann an coigeartú.
b Aistríodh talamh sa Chuarbhóthar Theas, Cill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8 chuig Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ar suim ainmniúil.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna Phámháistir Ghinearálta | 5,433 | 7,853 |
| Iarmhéideanna cuntas bainc atá bainteach leis an Vóta | 632 | 472 |
| | **6,065** | **8,325** |

**Cuntais bhainc nach bhfuil bainteach leis an Vóta**

Sealbhaíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann 23 chuntas bainc thráchtála. Bainistíonn Seirbhís Phríosúin na hÉireann an t-airgead sna cuntais sin ar leithligh ó na cistí vótáilte agus baineann sé le siopaí príosún, leis an gCiste Cláir Chúnaimh Phríosúnach, agus le cuntas d'airgead na bpríosúnach. Gan íocaíochtaí aisce le príosúnaigh aonair a áireamh, ar íocaíochtaí iad a eascraíonn as an Vóta, ní tharchuirtear trí na cuntais bhainc sin aon airgead atá dlite don Vóta nó a íoctar uaidh. Ba é €2,855,178 an tsuim a coimeádadh sna cuntais sin ag deireadh na bliana 2019. Ní chuirtear an tsuim sin ar áireamh sa chuntas (2018: €2,341,091). Tá tagairt ann i Nóta 6.5 freisin.

## 2.3 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Éide agus éadach | 2,238 | 1,588 |
| Ilghnéitheach | 25 | 20 |
| | **2,263** | **1,608** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cuntais óinchistí príosúin | 255 | 266 |
| Cuntas Fionraí Párolla (Cosán pá) | 3,728 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 365 | 184 |
| | **4,348** | **450** |

## 2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 4,882 | 4,599 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 2,379 | 2,167 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 110 | 179 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,590 | 679 |
| Cáin Foirgníochta | 2 | — |
| Cáin a asbhaineadh ó aisíocaíochtaí ranníocaíochta pinsin | 1 | — |
| | 8,964 | 7,624 |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc a bhaineann leis an Vóta | 632 | 472 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 659 | 632 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 40 | 7 |
| | **10,295** | **8,735** |

## 2.6 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Barrachas le géilleadh | 1,924 | 1,115 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (1,806) | (1,075) |
| **Glandliteanas don Státchiste** | **118** | **40** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 6,065 | 8,325 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 4,348 | 450 |
| | 10,413 | 8,775 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (8,964) | (7,624) |
| Iarmhéideanna i gcuntais bhainc a bhaineann leis an Vóta | (632) | (472) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (699) | (639) |
| | (10,295) | (8,735) |
| | **118** | **40** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 969,008 | 945,158 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 349,536 | | |
| Barrachas le géilleadh | Cuntas | (1,924) | | |
| Vóta glan | | | 347,612 | 339,313 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1 | | 66,587 | 66,604 |
| Caiteachas neamhairgid - coigeartú ar bhreiseanna sócmhainní na bliana roimhe sin | 2.1 | | 433 | — |
| Costas cláir glan | 1 | | (392,521) | (382,067) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **991,119** | **969,008** |

## 2.8 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Tionscadail chaipitil (gan athfhorbairt Phríosún Luimnigh a áireamh) | 58,127 | 1,079 |
| **Iomlán na gceangaltas in-fhorghníomhaithe le dlí** | **58,127** | **1,079** |

**b) Mórthionscadail Chaipitil**

| | Caiteachas carnach go dtí 31 Nollaig 2018 | Caiteachas in 2019 | Tiomantais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Saol caiteachais ionchasach iomlán an tionscadail 2019 | Saol caiteachais ionchasach iomlán an tionscadail 2018 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Phríosún Luimnigh | **1,240** | **10,629** | **59,631** | **68,100** [a] | **—** |

Nóta [a] Cuimsíonn costas iomlán an tionscadail soláthar Oifige Seirbhíse Promhaidh nua atá á maoiniú ag Oifig na nOibreacha Poiblí ar €3.4 milliún. San áireamh le hathfhorbairt Phríosún Luimnigh, tá síneadh le sciathán atá sa phríosún cheana féin, áis nua do mhná agus roinnt oibreacha gaolmhara eile. Soláthrófar áitreabh nua don tSeirbhís Promhaidh leis an athfhorbairt freisin, a mbeidh luach €3.4 milliún de páirtmhaoinithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag 31 Nollaig | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nár urscaoileadh ag deireadh na bliana | **7** | **3** |

## 2.10 Dliteanais Theagmhasacha

Tá Seirbhís Phríosúin na hÉireann páirteach i roinnt imeachtaí dlíthiúla ar feitheamh a d'fhéadfadh dliteanais a chur uirthi, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá éilimh ar chúiteamh a bhaineann le sláintíocht 'laistigh de chillíní' san áireamh leis na dliteanais theagmhasacha, agus is í an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát atá ag déileáil leo thar ceann Sheirbhís Phríosúin na hÉireann. Is éiginnte aon suim iarbhír nó uainiú aon dliteanas féideartha. Féach ar Nota 6.2

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos san áireamh i gcaiteachas Chlár A, chun costais iomlána cláir a sholáthar.

| | | | 2019 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna aghus liúntais | 256,124 | 255,084 | 250,065 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 1,816 | 2,208 | 2,328 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 3,860 | 4,343 | 3,562 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 1,800 | 1,701 | 1,653 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 6,080 | 9,173 | 7,362 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | — | — |
| | | **269,780** | **272,509** | **264,970** |

### Athrúcháin shuntasacha

Sna nithe seo a leanas i gcaiteachas riaracháin an Vóta, leagtar amach na cúiseanna le hathrúcháin shuntasacha (+/-25% agus €100,000).

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar an mheastacháin: €6.08 milliún Táirgeacht: €9.173 milliún*

Tá an caiteachas iomarcach de €3.093 milliún mar gheall ar chaiteachas caipitil breise a bhaineann le huasghrádú agus cumas méadaithe chóras *CCTV* Victor ar fud eastát an phríosúin. Ina theannta sin bhí méaduithe praghais ann tar éis comórtais soláthair le déanaí do sheirbhísí TFC agus costais bhreise a bhaineann le ceadúnú bogearraí.

**vi Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar an mheastacháin: €100,000 Táirgeacht: €0*

Ní raibh aon riachtanas ann maidir le seirbhísí comhairliúcháin in 2019 agus sábhálfaidh sé €100,000 dá bharr.

## Clár A Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | 256,124 | 255,084 | 250,065 |
| A.2 | Riarachán – neamhphá | 13,656 | 17,425 | 14,905 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | 49,588 | 44,778 | 46,204 |
| A.4 | Seirbhísí príosúnaigh | 27,906 | 28,595 | 29,973 |
| A.5 | Seirbhísí oibriúcháin | 5,400 | 6,570 | 6,789 |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | 1,265 | 1,389 | 1,227 |
| A.7 | Cúiteamh | 4,873 | 3,855 | 4,560 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste sóisialta (arna maoiniú le Cuntais díomhaoine) | 200 | 200 | 200 |
| | | **359,012** | **357,896** | **353,923** |

**Athrúcháin shuntasacha**

Leagtar amach leis an méid seo a leanas na cúiseanna le hathruithe suntasacha ar chaiteachas an chláir (+/- 5% agus +/- €100,000).

San iomlán, bhí an caiteachas i dtaca le Clár A €1.116 milliún níos ísle ná an meastachán deiridh. Bhí róchaiteachas €2.729 milliún ann i dtaca le caiteachas riaracháin (féach thuas) a bhí frithháirithe ag coigilteas i bhfo-cheannteidil eile. Is de bharr na nithe seo a leanas go príomha atá an éagsúlacht sna fo-cheannteidil atá fágtha.

**A.3 Foirgnimh agus trealamh**

*Soláthar an mheastacháin: €49.588 milliún Táirgeacht: €44.778 milliún*

Bhí coigilt €4.810 milliún sa chaiteachas caipitil mar gheall ar mhoill a bheith ar thús a chur leis an tionscadal chun Príosún Luimnigh a athfhorbairt (€6.479 milliún). Bhí coigilt €2.095 milliún ann chomh maith maidir le muirir fóntais. Rinneadh na coigiltí sin a fhritháireamh le riachtanais caiteachais bhreise €4.057 milliún maidir le heastát na bPríosún a chothabháil.

**A.5 Seirbhísí oibriúcháin**

*Soláthar an mheastacháin: €5.4 milliún Táirgeacht: €6.57 milliún*

Bhí caiteachas barrachais €1.17 milliún ann go príomha mar gheall ar chostais bhreise ar threalamh braite frithdhrugaí, uasghrádú bunriachtanach ar threalamh frith-chíréibe atá as dáta agus ar threalamh eile a bhaineann le slándáil agus costais mhéadaithe do Scéimeanna Tacaíochta Pobail.

**A.6 Seirbhísí oideachais**

*Soláthar an mheastacháin: €1.265 milliún Táirgeacht: €1.389 milliún*

Bhí caiteachas barrachais €124,000 mar gheall ar chostais níos airde ná mar a rabhthas ag súil le crua-earraí / freastalaithe TFC a athsholáthar mar a bhí riachtanach don Líonra Slán Rochtana Príosúnach sa réimse oideachais, toisc go raibh trealamh níos sine as dáta agus nach raibh sé oiriúnach don fheidhm.

**A.7 Cúiteamh**

*Soláthar an mheastacháin: €4.873 milliún Táirgeacht: €3.855 milliún*

Tagann caiteachas barrachais €1.018 milliún chun cinn toisc go raibh leibhéal na n-íocaíochtaí cúitimh agus na ndámhachtainí ón mBinse Cúitimh Díobhálacha Coiriúla níos lú ná mar a rabhthas ag súil leis in 2019.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2019 | | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Ilghnéitheach | 305 | 402 | 436 |
| 2 | Fáltais na gcuntas díomhaoin | 200 | 200 | 200 |
| 3 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ón luach saothair don tseirbhís phoiblí[a] | 8,971 | 9,682 | 13,974 |
| | **Iomlán** | **9,476** | **10,284** | **14,610** |

Nóta [a] Tagraíonn figiúr 2018 d'asbhaintí a bhaineann le pinsin. Cuireadh iad seo in ionad ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ó 1 Eanáir 2019.

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí leithreasaí i gcabhair €808,000 níos airde ná an meastachán €9.476 milliún. Tháinig an barrachas i bhfáltais chun cinn go príomha de bharr na nithe seo a leanas:

**3 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ón luach saothair don tseirbhís phoiblí**

*Measta: €8.971 milliún, réadaithe: €9.682 milliún*

Tá baint dhíreach ag na fáltais bhreise €711,000 le costais phárolla agus bhí siad níos mó ná mar a rabhthas ag súil leo.

## Nóta 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

### 5.1 Líon na bhfostaithe

| Ar choibhéis lánaimseartha iad | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | 3,405 | 3,270 |

### 5.2 Pá

| | 2019 | 2018 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 157,153 | 158,888 |
| Liúntais ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais breise | 389 | 395 |
| Liúntais eile | 37,846 | 32,607 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 39,654 | 39,694 |
| ÁSPC an Fhostóra | 20,042 | 18,481 |
| **Pá Iomlán** | **255,084** | **250,065** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2019 | 2018 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 76 | 3 | 12,565 | 16,360 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 3,074 | 1,995 | 50,519 | 52,668 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,861 | 1,330 | 19,934 | 18,594 |
| Ilghnéitheach | 3,168 | 20 | 13,076 | 11,113 |
| Luach saothair sa bhreis i níos mó ná catagóir amháin | 3,089 | 2,819 | 67,947 | 67,812 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

San iomlán íocadh €66,123 do 22 státseirbhíseach a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse, le méideanna idir €202 agus €11,104 i gceist; fostaíodh iad ar dhualgais éagsúla. San iomlán íocadh €43,244 do 9 ball ar scor den Gharda Síochána, a bhí fostaithe ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann ar dhualgais shonracha le linn 2019.

Cuireadh nósanna imeachta cuí i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí do bhaill fhoirne ar scor de réir Alt 52 den Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag 31 Nollaig | **Líon faighteoirí** | **2019** | **2018** |
|---|---|---|---|
| | | **€** | **€** |
| Ró-íocaíochtaí | 227 | 578,484 | 480,390 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 119 | 398,145 | 375,530 |

Aistríodh plean aisghabhála ró-íocaíochta amháin maidir le duine aonair dar luach €3,481 chuig Oifig eile sa bhliain. Cuimsíonn na sonraí a liostaítear thuas roinnt cásanna pinsin leasaithe. Tá roinnt pleananna aisíocaíochta aisghabhála breise curtha i bhfeidhm sa bhliain go dtí seo.

# Nóta 6 Ilghnéitheach

## 6.1 Daonra na bpríosún

Ba é an meánlíon measta laethúil príosúnach in 2019 ná 3,971 (2018: 3,893).

## 6.2 Cúiteamh agus costais dlí

Áirítear leis an gcuntas caiteachas i dtaca le cúiteamh agus costais dlí a íocadh le príosúnaigh, le baill foirne agus le baill den phobal. Léirítear miondealú ar na costais sin sa tábla thíos.

| | An líon cásanna | Costais dlí ar íoc Seirbhís Phríosúin na hÉireann iad | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | 2019 Iomlán | 2018 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag foireann phríosúin** | | | | | | |
| Éilimh shibhialta ag foireann phríosúin do dhíobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgas agus deacrachtaí eile a bhaineann le foireann phríosúin | 94 | — | 1,369 | 164 | 1,533 | 2,118 |
| Éilimh trí mheán an Bhinse Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag eascairt as díobhálacha a fuarthas ag foireann phríosúin | 36 | — | 603 | — | 603 | 403 |
| **Éilimh ag príosúnaigh** | | | | | | |
| Éilimh a rinneadh ag príosúnaigh ag eascairt as díobhálacha agus as gníomhartha eile ina raibh príosúnaigh i gceist | 175 | 526 | 339 | 208 | 1,073 | 1,687 |
| **Éilimh ag baill an phobail** | 40 | — | 515 | 124 | 639 | 346 |
| | **345** | **526** | **2,826** | **496** | **3,848** | **4,554** |

Nóta Ag 31 Nollaig 2019, thaifid an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 2,099 éileamh mar éilimh gan íoc (2018: 2,130 cásanna). Ba é luach iomlán na gcostas dlí a iompraíodh ag an tSeirbhís Phríosúin maidir le 11 chás neamhchúitimh ná €258,128 (2018: €397,458). Tá 1,950 cás a bhaineann le sláintíocht laistigh de chillíní san áireamh leis na héilimh atá fós amuigh agus atá taifeadta ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Tá scéim curtha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát chun aghaidh a thabhairt ar na héilimh sin, de thoradh breithe ón gCúirt Uachtarach. Íocfar costais aon chúitimh a dhámhfar ón scéim seo as Vóta na bPríosún.

## 6.3 Costais adhlactha na bpríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de chuid €6,885 i dtreo speansas adhlactha ceathrar príosúnach a cailleadh agus iad i bpríosún.

## 6.4 Caillteanais airgid

Ní raibh aon chaillteanais airgid le tuairisciú in 2019 (2018: €300).

## 6.5 Oibríochtaí eile airgeadais laistigh de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann

Ar leithligh ón gcaiteachas a léirítear sa chuntas leithreasa, eascraíonn roinnt oibríochtaí eile airgeadais laistigh den tSeirbhís Phríosúin chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Baineann na hoibríochtaí atá i gceist le cuntas bainc le haghaidh airgead príosúnach, siopaí príosúin agus Ciste Cláir Chúnaimh Phríosúnach. Seo a leanas na sonraí:

- **Cuntas Airgid Príosúnach** - coimeádtar cuntas bainc go sonrach le haghaidh airgead pearsanta príosúnach agus bainistítear é ag Stiúrthóireacht Airgeadais agus Eastát na bPríosún. Agus príosúnaigh ag fágáil an phríosúin faigheann siad iarmhéid a gcuid airgid phearsanta ón gcuntas seo. Ba é luach iarmhéid an chuntais ag 31 Nollaig 2019 ná €1,135,291 (2018: €1,033,099). Tá i gceist leis sin iarmhéideanna carntha na bpríosúnach ag deireadh na bliana, ach tá san áireamh freisin suimeanna atá dlite le híoc leis na Siopaí Príosúin maidir le ceannacháin i Mí na Nollag (de ghnáth thart ar €600,000) aistreofar é sin, go gairid tar éis dheireadh na míosa, chuig na cuntais bhainc shiopaí príosúin iomchuí chun íocaíocht le soláthraithe as ceannacháin mhí na Nollag a éascú. Is ionann an fuílleach agus iarmhéideanna carntha na bpríosúnach.

- **Siopa an Phríosúin -**Tá siopa inmheánach (“siopa tuck”) ag gach príosún inar féidir le príosúnaigh nithe beaga a cheannach, leithéidí milseáin agus deochanna boga srl. Íoctar as na míreanna ó chistí de chuid na bpríosúnach aonair. Déantar an soláthar ar fad don siopa tríd an airgead a ghintear agus maoinítear é ó dhíolacháin do phríosúnaigh agus déantar aon barrachas glan a ghintear a aistriú chuig an gCiste Cláir Chúnaimh Phríosúnach chun cabhrú le cásanna cruatain i measc na bpríosúnach. Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc do na 11 shiopa príosúin ag 31 Nollaig 2019 ná €741,815 (2018: €576,668). Ba é luach an stoic ar láimh ná €377,023 (2018: €343,867).

- **An Ciste Cláir Chúnaimh Phríosúnach (CCCP)** - Feidhmíonn gach príosún cuntas CCCP chun tionscadail chruatain phríosúnach a mhaoiniú. Ní ó chistí vótáilte a thagann an maoiniú don chuntas ach ó na barrachais a ghintear ón ó shiopa an phríosúin. Ba é luach iomlán na n-iarmhéideanna cuntais bainc ag 31 Nollaig 2019 ná €905,509 (2018: €731,324).

De bhreis air sin, tá Coistí Deonacha Bialann (*VMC*anna) i mbun oibre in ocht bpríosún faoi láthair chun comhordú a dhéanamh ar riar oibriú na saoráidí bialainne d’fhoireann na bpríosún, ar saoráidí iad a sholáthraítear trí chistineacha oiliúna príosúnach. Oibríonn Coistí Deonacha Bialann mar eintitis atá ar leithligh ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann agus atá neamhspleách uirthi. Dá ainneoin sin, chuaigh Seirbhís Phríosúin na hÉireann i dteagmháil le gach Coiste Deonach Bialann chun na hoibleagáidí rialachais atá orthu a chur i gcuimhne dóibh agus chun a chur in iúl do na Coistí an athuair go bhfuil freagrachtaí orthu as cloí le beartais, le nósanna imeachta, le rialuithe agus le rialacháin na gCoimisinéirí Ioncaim.